Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



BÍ ULLAMH D'ÉIGEANDÁIL

Eolas agus comhairle i gcás éigeandála

Tuilleadh eolais ag
gov.ie/BeEmergencyReady

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

Leid le bheith ullamh don éigeandáil



Nuair a bheidh an leabhrán seo léite agat, cuir in áit shábháilte é ar eagla go mbeadh sé ag teastáil uait amach anseo.

Ba í Oifig na Roinne Cosanta um Pleanáil Éigeandála, thar ceann Thascfhórsa an Rialtais um Pleanáil Éigeandála, le tacaíocht ó Rialtas Áitiúil Éireann, a d'fhoilsigh an leabhrán seo.

Clár

Tarlaíonn éigeandálaí 5

An dóigh le bheith ullamh d'éigeandálaí 6

Na trí chéim a bhriseadh síos 7

Ullmhaigh plean 11

Do sheicliosta 12

Tacaigh le do phobal 15

Teagmháil le seirbhísí éigeandála 15

Más gá duit an baile a fhágáil 17

Uimhreacha teagmhálaithe tábhachtacha 18

Cárta le gearradh amach agus coinneáil leat 19

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Leid le bheith ullamh don éigeandáil #2





Bíodh do dhóthain bia agus uisce agat le tú a chur thar an ngátar le linn éigeandála.



gov.ie/BeEmergencyReady

Tarlaíonn éigeandálaí

D'fhéadfadh éigeandáil titim amach am ar bith. Tacóidh an Rialtas agus na seirbhísí éigeandála leat féin agus le do phobal.

Oibreoidh na húdaráis áitiúla agus na céad fhreagróirí ag leibhéal an phobail le tacú le sábháilteacht agus folláine gach uile dhuine.

Cé nach dtarlaíonn éigeandálaí go minic, ba cheart dúinn ar fad a bheith ullamh dóibh. Cuideoidh an lámhleabhar seo leat féin agus le do theaghlach a bheith ullamh má tharlaíonn rud gan choinne.

I gcás éigeandála, b'fhéidir go gcuirfí isteach ar na seirbhísí riachtanacha mar atá cumhacht, uisce, cumarsáid nó iompar. Nuair is féidir, ba cheart do gach duine iarracht a dhéanamh a bheith ullamh chun riar ar a riachtanais féin i gcás éigeandála.

Ní neart go cur le chéile. Le linn éigeandála ní mór dúinn aire a thabhairt dá chéile.

Déan an oiread agus is féidir leat:
Is fearr beagáinín ullmhúcháin ná gan a bheith ullmhaithe ar chor ar bith.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An dóigh le bheith ullamh d'éigeandálaí

Tá sé tábhachtach tamall a chaitheamh i mbun machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir linn aire a thabhairt dúinn féin agus dár ngaolta i gcás éigeandála.

Tá trí chéim i gceist:

1. **Bí ar an eolas**
2. **Ullmhaigh plean**
3. **Fan i dteagmháil**



gov.ie/BeEmergencyReady

Na trí chéim a bhriseadh síos

1 Bí ar an eolas

Ar na héigeandálaí a d'fhéadfadh tarlú tá stoirmeacha, tuilte, cibear-ionsaithe agus cur isteach ar shlabhraí soláthair criticiúla.

Aithin na rioscaí agus bíodh do theaghlach ullamh.

- Conas is féidir leis na rioscaí seo cur isteach ort féin agus ar do theaghlach?
- An bhfuil do theach, do bhaile nó do chathair fágtha gan chosaint ar aon riosca?
- An bhfuil tusa fágtha gan chosaint ar rioscaí níos mó ná daoine eile?

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

2

Ullmhaigh plean

- Úsáid an seicliosta sa leabhrán seo chun tú féin a ullmhú d'éigeandálaí.
- Déan liosta de chógais a theastaíonn uait féin nó ó do theaghlach go rialta.
- Coinnigh cóip d'uimhreacha agus de dhoiciméid thábhachtacha in áit shábháilte a bhfuil teacht éasca uirthi.
- Smaoinigh ar an dóigh a bhféadfá ainmhithe a choinneáil slán i gcás éigeandála.



3

Fan i dteagmháil

Tá sé tábhachtach go bhfanann tú i dteagmháil le daoine muinteartha, le cairde agus le comharsana leat le go nglacfar cur chuige pobalbhunaithe i leith do shábháilteachta agus d'ullmhachta féin.

- Coinnigh uimhreacha teagmhála éigeandála agus uimhreacha gaolta agus cairde tábhachtacha in áit shábháilte a bhfuil teacht éasca uirthi.
- Labhair le comharsana agus pléigh conas a bhféadfadh sibh oibriú le chéile agus faisnéis agus acmhainní a roinnt i gcás éigeandála.
- Labhair le do sholáthraí seirbhíse má tá tú i do chónaí i gcóiríocht thacaithe nó i dtithíocht shealadach.
- Bíodh na sonraí teagmhála agat d'aon ghrúpaí pobail i do cheantar le go mbeidh tú in ann teagmháil a dhéanamh leo chun tacaíocht a lorg más gá.
- B'fhéidir nár mhiste duit roinnt bunscileanna garchabhracha a fhoghlaim.
- Éist leis an raidió áitiúil le tú féin a choinneáil ar an eolas faoi chúinsí.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland


Leid le bheith ullamh don éigeandáil
#3
Stóráil do dhoiciméid thábhachtacha i mála uiscedhíonach in-athshéalaithe.

gov.ie/BeEmergencyReady

Ullmhaigh plean

Is bealach iontach é stoc earraí riachtanacha a choinneáil chun ullmhú d'aon éigeandáil.

Mura bhfuil agat ach stoc beag soláthairtí éigeandála, is leor sin chun tú a chur thar an ngátar má tharlaíonn éigeandáil agus cuirtear isteach ar ghnáthsholáthairtí nó níl siad ar fáil.

Sa seicliosta seo a leanas tá rudaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait féin agus ó do theaghlach má tharlaíonn éigeandáil agus tá baol ann go gclisfidh ar an soláthar leictreachais nó uisce.

B'fhéidir go bhfuil go leor de na hearraí seo agat sa bhaile cheana féin. Is féidir na hearraí seo a fháil de réir a chéile agus a choinneáil in áit shábháilte thirim le go mbeidh teacht éasca orthu má tá siad ag teastáil.

D'fhéadfadh an seicliosta cuidiú leat fanacht sábháilte agus déileáil le raon cásanna éigeandála.

Déan an oiread agus is féidir leat:
Is fearr beagáinín ullmhúcháin ná gan a bheith ullmhaithe ar chor ar bith.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Do sheicliosta

Uisce

- ☐ Teastaíonn 2-3 lítear uisce óil ó gach duine gach lá.
- ☐ Coinnigh uisce i mbuidéil in áit fhuar, dhorcha.
- ☐ Ná coinnigh é níos faide ná an dáta éaga ar an mbuidéal.

Bia

- ☐ Coinnigh stoc bia dhomheata ar láimh.
- ☐ Úsáid an bia is sine ar dtús le nach n-íosfaí aon bhia atá imithe in éag.
- ☐ Smaoinigh ar na riachtanais bia atá ag gach duine sa teaghlach, leanaí agus peataí san áireamh.
- ☐ Má úsáideann tú bainne foirmle, bíodh soláthar foirmle réidh le húsáid ar fáil.
- ☐ Ith bia úr agus bia ón gcuisneoir ar dtús.

Solas agus teas

- ☐ Bíodh bealach eile agat le coinneáil te: mar shampla, pluideanna, málaí codlata, agus pluideanna teirmeacha éigeandála.
- ☐ Dún na fuinneoga agus na doirse, agus fanaigí in aon seomra amháin ar mhaithe le teas.
- ☐ Bíodh tóirse nó lampa agat, agus cadhnraí breise.
- ☐ Coinnigh cipíní nó lastóir in áit shábháilte.
- ☐ Bíodh a fhios agat cá bhfuil na pointí múchta gáis/leictreachais.
- ☐ Bíodh a fhios agat an dóigh leis an ngás agus leis an leictreachas a mhúchadh agus breac síos d'Uimhir Thagartha Mhéadarphointe (MPRN) agus d'Uimhir Tagartha Gásphointe (GPRN) ó do bhille.

Leigheas

- ☐ Coinnigh cógais ar oideas cothrom le dáta más féidir.
- ☐ Coinnigh cóipeanna de d'oidis agus sonraí faoi aon riochtaí sláinte atá ort.
- ☐ Bíodh fearas garchabhrach agat.

Sláinteachas

- ☐ Coinnigh earraí sláintíochta agus sláinteachais do gach duine sa teaghlach.

Más gá duit aslonnú

- ☐ Tabhair leat earraí cógais agus sláinteachais.
- ☐ Tabhair éadaí breise teolaí agus uiscedhíonacha leat.
- ☐ Tabhair leat do ghuthán póca agus an luchtaire a ghabhann leis.
- ☐ Tabhair leat cáipéisí aitheantais agus cáipéisí tábhachtacha eile.
- ☐ Más féidir, tabhair leat airgead tirim agus cártaí dochair nó creidmheasa.

Fan i dteagmháil

- ☐ Bíodh raidió cadhnra, tochrais nó gréine agat chomh maith le cadhnraí breise, nó bain úsáid as raidió cairr mar chúltaca.
- ☐ Bíodh luchtairí iniompartha agat chun gutháin a luchtú.

Earraí tábhachtacha

- ☐ Coinnigh cáipéisí i mála uiscedhíonach, lena n-áirítear:
  - Teastais bhreithe, pasanna, ceadúnais tiomána
  - Sonraí árachais, faisnéis leighis
  - Teagmhálacha éigeandála
- ☐ Coinnigh málaí plaisteacha láidre le haghaidh earraí luachmhara agus earraí a bhfuil gean ar leith agat orthu.
- ☐ Coinnigh léarscáil bhóithre ar fhaitíos nach mbeadh GPS ar fáil.
- ☐ Coinnigh eochracha breise don teach agus don charr.

Leid le bheith ullamh don éigeandáil

#4



I gcás éigeandála, glaoigh ar 112 nó 999.

gov.ie/BeEmergencyReady

Tacaigh le do phobal

Mar phobal, tá sé tábhachtach go dtacaímid leis na daoine is mó atá ina ghátar, agus go gcinntímid go bhfuil a fhios acu go bhfuilimid ann chun cabhrú leo más gá.

Is féidir le tacaíocht a bheith chomh simplí le bualadh isteach chuig duine muinteartha, comharsa nó cara leat, má tá sé sábháilte é sin a dhéanamh. Nuair a bhraitheann daoine scoite amach nó leochaileach, is mór an ní é uaireanta a thabhairt le fios dóibh go bhfuil tú ann.

Teagmháil le seirbhísí éigeandála

I gcás éigeandála, glaoigh ar **112** nó ar **999**. Fiafróidh an t-oibreoir éigeandála díot cén tSeirbhís Éigeandála a theastaíonn uait agus cuirfidh sé thú i dteagmháil leo láithreach. Tá sé tábhachtach do ghuthán a choinneáil ar siúl mar b'fhéidir go mbeidh ar na seirbhísí éigeandála glaoch ar ais ort chun tuilleadh eolais a fháil. I gcás éigeandála leighis, lean ort ag coinneáil súil ghéar ar riocht an othair agus, má athraíonn sé, glaoigh ar ais arís.

Cinntigh go bhfuil d'Éirchód ar eolas ag gach duine den teaghlach.

Is féidir leat teacht ar d'Éirchód ag www.eircode.ie.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



gov.ie/BeEmergencyReady

Más gá duit an baile a fhágáil

In ainneoin an ullmhúcháin sin ar fad, b'fhéidir go gcaithfeá fós do theach nó d'áit oibre a fhágáil. Is cuid thábhachtach de bheith ullamh d'éigeandáil fios a bheith agat cad atá le déanamh agus is féidir leis sin fíordhifríocht a dhéanamh. Is féidir le plean scríofa a bheith cabhrach, go háirithe i gcásanna nach bhfuil fóin, idirlíon ná leictreachas ar fáil.

Príomhchéimeanna

- Bíodh a fhios agat cad iad na rudaí is tábhachtaí le tabhairt leat dá mbeadh ort imeacht ó do theach cónaithe.
- Comhlánaigh na leathanaigh dheiridh den leabhrán seo, coinnigh slán iad, glac grianghraf díobh agus sábháil ar do ghuthán iad.
- Lean an treoir ó na seirbhísí éigeandála agus ó na húdaráis áitiúla i gcónaí.
- Bí ar an eolas faoi na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh a bheith romhat, éist leis an raidió áitiúil le tú féin a choinneáil ar an eolas faoi chúinsí nuair is féidir.
- Fan i dteagmháil leis na daoine ar féidir leo cabhrú i gcás éigeandála.
- Déan cinnte go bhfuil teacht go héasca ar dhoiciméid thábhachtacha agus go gcoinnítear in áit shábháilte iad. Moltar mála uiscedhíonach in-athshéalaithe freisin.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Uimhreacha teagmhálaithe tábhachtacha

Ainm teagmhálaí	Uimhir theagmhála
Líonraí BSL	Íosghlao 1800 372 999
Uisce Éireann	Íosghlao 1800 278 278
Líonraí Gáis Éireann	Íosghlao 1800 20 50 50
Údarás Áitiúil	
Stáisiún áitiúil an Gharda Síochána	
Dochtúir	
Comhlacht Árachais Áitiúil agus Uimhir Pholasaí	

Fóntais

Má tá am agat chuige agus má tá sé sábháilte é a dhéanamh, b'fhéidir go mbeidh ort an príomhlíonra uisce, gáis nó leictreachais chuig do theach a chasadh as le linn éigeandála. Cuir thú féin ar an eolas faoi cá bhfuil siad sin.

Seirbhís	Áit
Uisce	
Gás	
Leictreachas	

Rabhadh: Is féidir leat an t-uisce agus an leictreachas a chur ar siúl arís tú féin ach ní an soláthar gáis. Caithfidh innealtóir cáilithe é seo a dhéanamh.

Cárta le gearradh amach agus coinneáil leat

Éigeandáil 112/999

Éirchóid Thábhachtacha

Éirchód	Áit

Teagmhálacha éigeandála

D'fhéadfadh daoine muinteartha, scoileanna, cúram leanaí, agus fostóirí a bheith san áireamh anseo.

Ainm an Teagmhálaí	Uimhir

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland

Tá an leabhrán seo ar fáil ar shuíomh oifigiúil gréasáin an rialtais ag **gov.ie/BeEmergencyReady**. Is féidir cóipeanna a fháil ach ríomhphost a sheoladh chuig **oep@defence.ie** nó scríobh chuig An Oifig um Pleanáil Éigeandála, An tIonad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí, Teach na Talmhaíochta (2 Thoir), Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

An Oifig um Pleanáil Éigeandála,
An tIonad Náisiúnta Comhordaithe
Éigeandálaí, Teach na Talmhaíochta (2 Thoir),
Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2,
D02 WK12

www.emergencyplanning.ie

An Roinn Cosanta,
Bóthar an Stáisiúin,
Droichead Nua,
Co. Chill Dara,
W12 AD93

www.defence.ie